

Déantús an Chlásail i gCanúintí na Gaeilge

James McCloskey

Mí Aibreán 2006

I Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath a rinneadh bunús an taighde ara bhfuil an páipéar seo bunaithe. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do fhoireann na scoile as timpeallacht oibre a chur ar fáil dom nach bhfuil a sárú le fáil.

SÉARD A CHUIRIM ROMHAM a dhéanamh sa pháipéar seo tuairisc a thabhairt ar ghnéithe áirithe de chomhréir an chlásail sa Ghaeilge. Dírím go háirithe ar an chlásal neamhfhinideach i gcanúintí na Mumhan.

Más cúng féin i gcosúlacht an réimse súl sin, tá dhá comhthéacs níos leithne inar mhaith liom na ceisteanna agus an fhianaise a mheá. Ceann acu sin teoiric ghinearálta na comhréire. Nuair a théitear i ngleic ar bhealach dáiríre le fianaise chanúintí na Nua-Ghaeilge, caithfear a dhul i ngleic fosta le fadhbanna bunúsacha teoirice nach furast a réiteach. Tá cuid mhór le foghlaim ar léibhéal na teoirice ó fhianaise na Gaeilge agus tábhacht faoi leith, creidim, le fianaise chanúintí na Mumhan maidir le fuascaíl na gceisteanna teoiriciúla sin. Ar an taobh eile, tá go leor le foghlaim faoi ghramadach chomparáideach na gcanúintí óna bhfuil foghlamtha le dhá scór bliain anuas faoi struchtúr ginearálta na hurlabhra, agus tá sé tábhachtach go rachadh an t-eolas sin i bhfeidhm ar an chineal léargais is féidir linn a chur i dtoll a chéile ar chóras chomhréire na Gaeilge.

Níl á rá anseo i ndáiríribh ach rud an-simplí—is fearr a thuigfidimid córas gramadaí na Gaeilge má bhíonn súil amháin againn ag breathnú isteach go géar ar fhíríic na gcanúintí agus súil eile ag breathnú amach chomh géar céanna ar a bhfuil eile de fhéidireachtaí gramadaí ann i measc theangacha an domhain. Mar sin is fearr a aithnímid idir na tréithe sin ar scáileanna díreacha mhórphrionsabail na gramadaí iad agus na tréithe sin ar fhoráis logánta nó pharóisteacha iad. As an imoibriú seo idir prionsabail ghinearálta na hurlabhra agus an tsaoithiúlacht áitiúil a fhaibhríonn gach córas gramadaí. Is beag ábhar conspóide atá sa mhéid seo, is dóiche, ach ní i gcónaí a chuimhnítear ar an phrionsabal ar léibhéal na praitice.

Ní suim liom cúrsaí staire san obair seo. Sé sin le rá, ní bheidh rud ar bith le rá agam faoi phréamha stairiúla na gcóras gramadaí a mbeidh mé ag plé leo, ach iad a ghlacadh mar chórais iontu féin mar atá siad inniu againn. Leanbh óg ar bith a mbíonn uirthi ceann dena córais chasta seo a fhoghlaim agus a láimhseáil, ní bhíonn cur amach ar bith aici ar na próiséis stairiúla a rinne an córas sin a mhúnú. Mar sin féin, éiríonn léi an córas a thabhairt léi (agus é a athmhúnú go minic fosta le linn di a bheith ag streachailt leis). Leanann de sin go gcaithfidh gur féidir cuntas sásúil a thabhairt ar na córais ghramadaí seo, gan cur amach ar bith a bheith againn ar an réamhstair atá taobh thiar díobh. Leanann de sin ina dhiadh sin arís go gcaithfidh taighdeoir ar bith ar suim leis acmhainn urlabhra an duine, go gcaithfidh sé é féin a chur san áit chéanna a mbíonn an foghlaimeoir ann agus í ag dul i ngleic le castachtaí na gramadaí—í dall ar fad ar na fórsaí stairiúla a mhúnlaigh na castachtaí a gcaithfidh sí a bheith ag streachailt leo. Beidh tábhacht faoi leith leis an tseasamh seo agus muid ag caint ar ball beag ar an fhoirm ara dtugtar an t-ainm briathartha (nach ainmfhocal ar chor ar bith í i dteanga an lae inniu, creidim).

1 Modheolaíocht

An tuarisc atá le tabhairt anseo agam, tá mar dhusraith léi bunachar fianaise chomhréire (ar ríomhaire) atá á chur le chéile agam le scór bliain nó mar sin anuas. Séard atá sa chnuasach ábhair seo corradh beag le 8,000 sampla—samplaí ar abairtí aonarachacha nó téacsanna gearra a mbunús agus arbh ó théacsanna foilsithe, ó théipeanna nó ó chláracha raidió a bailíodh iad. Tá ábhar ann ó na príomh-Ghaeltachtaí uilig—Tír Chonaill, Sligeach, Contae Liatroma, Maigh Eo, Contae na Gaillimhe, Contae an Chláir, Iarthar Chiarraí, Oirthear Chiarraí, Corcaigh, agus na Déise. Níl ann ach dornán an-bheag samplaí a bhaineann le tréimshe níos luaithe ná tús na 20ú aoise, ach taobh istigh dena teorannacha ama sin, tá dáileadh réasúnta fianaise idir an pointe is luaithe agus an pointe is déanaí. Ar an drochuair, ní hionann ionadaíocht na gcanúintí uilig sa chnuasach—tuairim is ar 3500 sampla atá ann ó Chúige Mumhan, 3,000 ó Chúige Uladh, 1500 ó Chontae na Gaillimhe, 106 ó Chontae an Chláir, agus 257 ó Chontae Mhaigh Eo. Níl de bhunús leis an éagothromaíocht seo ach go raibh suim agam féin i gceisteanna éagsúla comhréire i dtréimshí éagsúla, agus gur soiléire agus gur líonmhaire an fhianaise atá le fáil ar na ceisteanna éagsúla i gcanúintí áirithe seachas a chéile.

Tá an t-eolas seo á thabhairt anseo agam sa dóigh is go mbeidh ar chumas léitheoirí na figiúirí atá le tabhairt thíos agam a chur i gcomhthéacs agus a thomhas go criticiúil.

2 Clásail Neamhfhinideacha

Leithéidí (1) agus (2) atá i gceist agam nuair a dhéanaim tagairt do *chlásail neamhfhinideacha*:

- (1)
 - a. d'iarr mé [an lámhscríbhinn a thabhairt chugam] (MBF 101)
 - b. D'iarr naomh eile [é féin a chur go dtí an cliabhach sa talamh] (SS 146)
 - c. tugadh ordughadh [leigean le hailleardaí an tseoil-báirr] (BG 13)
- (2)
 - a. d'fhéadfadh siad [a bheith chomh cionntach leis an triúr eile] (BF 192)
 - b. Tá sí cinnte [a bheith lán de chómhartaí ...] (I 82)

Lena bheith níos cruinne faoi, is é a bhfuil de ábhar comhréire idir na lúibíní sna samplaí i (1) agus (2) is spéis liom anseo. Glacaim leis gur aonaid chomhréire iad seo, (McCloskey, 1980), agus creidim fosta gur clásail iad na haonaid seo. Ní mar seo a thuigfeá a bhí an scéal dá mbeifeá i muinín an téarma traidisiúnta *ainm briathartha* ar leithéidí (*a*) *thabhairt*, (*a*) *chur*, *leigean*, nó (*a*) *bheith*—téarma as a dtuigfí gur frásaí ainmfhoclacha, seachas clásail, a bhí againn i (1) agus i (2).

Níl amhras ar bith, is dóiche, ná gur ó ainmfhocail a phréamhaigh na foirmeacha briathartha seo, ach níl amhras ar bith ach oiread ná gur briathra i dteanga an lae inniu iad. Nó ar a laghad is clásail iad na frásaí comhréire atá idir luibíní i (1) agus i (2). Tá cuid mhór fianaise ann gur mar seo atá i dteanga an lae inniu.

Díol suntais ar dtús é go mbíonn na heilimintí céanna san ord céanna (diomaite de shuíomh an bhriathair) le fáil sna frásaí seo agus atá le fáil sa chlásal finideach— an t-ainmní (más ann dó) ar dtús, an cuspóir díreach (más ann dó) ina dhiaidh sin, frásaí réamhfhoclacha ina dhiaidh sin arís agus fo-chlásal (más ann dá leithéid) thiar ag deireadh ar fad. Tá an dá phatrún seo, agus an bhunchosúlacht eatarthu, le feiceáil sa dá fhoirmle i (3) (an clásal neamhfhinideach ar barr agus an clásal finideach faoi), agus sna samplaí i (4):

- (3) [Ainmní] [Cuspóir Díreach] *Br.* [Frása Réamhfhoclach] [Clásal]
Br. [Ainmní] [Cuspóir Díreach] [Frása Réamhfhoclach] [Clásal]
- (4) a. i ndiaidh [é an méid sin a rá liom]
 b. Creidim [gur dhúirt sé an méid sin liom].
- (5) a. Níor mhaith liom [í a rá liom gur loic mé].
 b. Creidim gur [dhúirt sí liom gur loic mé].

Níl de dhifríocht idir an tógáil fhinideach agus an tógáil neamhfhinideach ach:

1. suíomh an bhriathair—é a bheith chun tosaigh sa chlásal finideach ach é a bheith i lár an chlásail (i ndiaidh an chuspóra dhíreach más ann dá leithéid) sa chlásal neamhfhinideach
2. tuiseal an ainmní—sa tuiseal ara dtugtar an tuiseal ‘cuspóireach’ nó ‘neodrach’ i gcás an chlásail neamhfhinidigh (féach *í* i (5a)) ach sa tuiseal ainmneach i gcás an chlásail fhinidigh (féach an fhoirm *sí* (5b)).

Beidh trácht arís againn ar an dá chontrárthacht seo (agus ar cheann eile nár luaíodh go fóill).¹ Ach ba mhaith liom díriú ar dtús ar an chineál fianaise a léiríonn gur clásail iad na frásaí a bhfuil suim anseo againn iontu.

Féach, mar shampla, gur féidir na frásaí neamhfhinideacha seo a chomhordú le clásail fhinideacha:

- (6) Má [thig na píléirí] agus [ceist a chur ort an tú a ghoid a’ t-airgead] (os 88)

¹D’fhéadfá a bheith in amhras, ar ndóigh, faoi ar cheart breathnú ar an difríocht idir *sé*, *sí*, *siad* agus *é*, *í*, *iad* mar chontrárthacht tuisil. Seans nach bhfuil sna foirmeacha dár tús *s-* ach foirmeacha a úsáidtear i ndiaidh briathair agus nach bhfuil ach an dá tuiseal sa Ghaeilge—tuiseal neodrach agus tuiseal sealbhach. I gcomhthéacs na teoirice seo, is lú arís líon na ndifríoictaí idir an clásal finideach agus an clásal neamhfhinideach.

Glactar leis go coitianta nach féidir a chomhordú ach dhá fhrása ar den aicme chéanna chomhréire iad. Más fíor an méid sin, leanann den fhéidireacht a bhfuil léiriú uirthi i (6) gurb ionann catagóir chomhréire don chlásal finideach *thig na píleirí* agus an frása *ceist a chur ort ...*. Níl amhras ar bith ná gur clásal an chéad cheann. Caithfidh sé mar sin gur clásal fosta an darna ceann.

Díol spéise fosta gur féidir ceisteanna a dhéanamh as na frásaí neamhfhinid-eacha:

(7) Cad é an réasún [an méid sin oibire a thabhairt chucu] (LSUE 93)

Go bhfios dom, ní féidir ceisteanna ar nós (7) a thógáil ach ar dhúshraith ar clásal í. Níl ar m'eolas teanga ar bith inar féidir leithéidí (7) a mhúnlú as frásaí ainmfhoc-lacha. Más iontaofa an modh seo réasúnaithe, is clásal é an slabhra focal *an méid sin oibire a thabhairt chucu*—i (7) agus in a leithéid chéanna samplaí ar nós (8):

- (8) a. á fhiafraí de cad ina thaobh an píopa neamhchoitianta sin a bheith aige (AGL 141)
 b. d'fhiafra sé dhíothub cad é an réasún iad a bheith anso (LSUE 266)
 c. cad chuige daoibh éirí rompu sin agus gan éirí romhainne (LAOCHAS 13)
 d. cad ina thaobh an trealamh eile seo a bheith á thabhairt isteach (CTC 113)
 e. Níor chuala mé cén fáth malairt ainm a thabhairt orthu (STL 139)
 f. d'fhiafraigh sí de Thadhg cén t-údar iad a bheith in árach a chéile (SK 135)

Ar ndóigh, dobhriathra agus chan aidiachtaí a bhíonn mar eilimintí cáilíochta sa fhrása ainm briathartha:

- (9) a. scairt Eoghan Ó Ceallaigh an crúiscín a líonadh arais (DD 24)
 b. D'iarr siad orm gan labhairt go borb.
 c. *D'iarr siad orm gan labhairt bhorb.

Arís eile, tréith í seo a mbeifí ag dúil léi da mba clásail iad na frásaí ainm briathartha. Dá mba frásaí ainmfhoclacha iad, le (9c) a bheifí ag dúil.

Agus mar fhocal scoir, tá foinse amháin eile fianaise a ba mhaith liom a thabhairt chun solais, mar is díol suime ann féin é.

Roimh an ainm briathartha (agus an réimír *a* a bheith leis an ainm briathartha) a bhíonn an cuspóir díreach:

(10) ... agus [cead labhairt léithe] a iarraidh uirthi (BG 352)

Ach más fochlásal a bhíonn mar chomhlánú leis an ainm briathartha, is i ndiaidh an ainm briathartha (agus ag deireadh na habairte) a bhíonn an comhlánú sin:

- (11) a. agus é a shílsteán [gurbh iad a namhaid a bhí aige] (SC 157)
 b. agus go raibh obair agam a chreidbheáil [gur liom a bhíothas ag caint] (NBMO 57)
 c. ní thiocthadh liom a mheas [cá rabh an teine ag teacht as] (IFDT 39)
 d. fá choinne é a thuigbheáil [go raibh fear ag troid leis nach raibh i bhfáthach lena mharú] (MSN 189)

Rud eile: sa chás seo (clásal a bheith mar chomhlánú leis an ainm briathartha), is féidir an réimír *a* a bheith ann nó as (mar seo atá an scéal i gcanúintí an tuaiscirt cibé ar bith):

- (12) a. is fearr iad sílstin [nach de'n tsaoghal seo sinn] (CP39)
 b. thiocthadh liom mionnú [gur caoineadh é roimh a bhás] (CR 126)
 c. ní thiocthadh le duine ar bith beo déanamh amach [nárbh é an t-éadach céanna a bhí sa dá léinidh] (CR 142)
 d. ní raibh an t-arm ábalta feiceáil [caidé a bhí ag teacht orthu] (CR 125)
 e. theip orm fáil amach [cé aige a raibh siad] (SGC 83)

Comhartha sóirt an chlásail, mar sin, gur i ndiaidh an ainm bhriathartha a bhíonn sé mar chomhlánú; agus comhartha sóirt an fhrása ainmfhoclaigh gur roimh an ainm briathartha a bhíonn sé mar chomhlánú.

An tábhacht a bhaineann leis na fírící seo dúinn féin anois ná go gcuireann siad ar fáil sort trialach lenar féidir idirdhealú a dhéanamh idir clásail agus frásaí ainmfhoclaigh.

Réitíonn torthaí na trialach seo go hiomlán lena bhfuil eile de fhianaise leagtha amach go dtí seo againn. Mar chlásal agus ní mar ainmfhocal a fheidhmíonn an frása ainm briathartha sa chomhthéacs seo. Sé sin le rá, más comhlánú é, is i ndiaidh an ainm briathartha agus ní roimhe a bhíonn sé (cosúil le clásal ar bith), agus bíonn an réimír *a* roghnach (mar bhíonn i gcónaí más comhlánú clásail atá leis an ainm briathartha). Tá sé seo le feiceáil insa samplaí seo a leanas:

- (13) a. Nó níorbh fhurast **a thabhairt** ar m'athair [an lán mara a ligean ar shiúl air] (NBMO 65)
 b. Bhí sé chomh maith agat **a iarraidh** orthu [dán Gréigise a aithris] (SC 172)
- (14) a. Ní thig **tabhairt** orthu [a dhath a dhéanamh] (GSAS 77)
 b. agus **tabhairt** ar an leanbh [creidbheáil go dtig leis rudaí tairbheacha a fhagháil] (AM 77)

- c. Rinne mé amach **foghlúim** do na róna [biadh a thabhairt chugam-sa]
(EMIT 151)
- d. Thig liom **cuidiughadh** leat [an ceann seo a dhéanamh] (MRE 24)

Tá an patrún baileach céanna le feiceáil i go leor teangacha eile—sa Ghearmáinis, san Ollainis, agus i gcuid mhór teangacha de chuid dheisceart na hÁise.

Nuair a chuirtear na foinsí éagsúla fianaise seo i dtoll a chéile (fianaise inmheánach na teanga agus an fhianaise chomparáideach) ní fheictear dom féin gur féidir éalú ón chonclúid gur clásail iad na tógálacha seo a bhfuil muid ag plé leo agus mar sin gur briathar é an ‘t-ainm briathartha.’²

Má ghactar leis, mar sin, gur clásail neamhfhinideacha iad na haonaid chomhréire seo a bhfuil suim againn iontu, thig linn a dhul ar aghaidh uaidh sin agus ceisteanna breise a iniúchadh. Ba mhaith linn a fháil amach, mar shampla, cén dóigh a gcuirtear na clásail seo le chéile. Ba mhaith linn fhios a bheith again fosta cén gaol comhréire atá idir na struchtúir neamhfhinideacha seo agus na clásail fhinideacha. Agus más dual dúinn an uailmhian, glacfaimid mar dhúshlán orainn féin fosta na patrúin seo uilig a thuigbheáil i dtéarmaí ginearálta teorice na comhréire. Cén gaol atá idir patrúin seo na Gaeilge agus na patrúin atá le fáil i dteangacha eile i réimsí gaolmhara?

Le go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin, ba mhaith liom díriú ar dtús ar chanúintí Chúige Uladh, ar an ábhar gurb iad is rialta, gurb iad is mó a bhfuil taighde déanta orthu, agus gurb iad is fearr a réitíonn le tuar na teorice. Ó dheas atá an dúshlán teoriciúil.

3 An Clásal Neamhfhinideach i gCúige Uladh

Sna canúintí Ultacha, tá ceithre phatrún bhunúsacha ann arar féidir clásail neamhfhinideacha a thógáil. Is féidir na ceithre phatrúin sin a ríomh de réir na bhfoirmlí seo thíos (A–D)—foirmlí a bhaineann le suíomh an ainmní, le réalú an ainmní (sa tuiseal ‘cuspóireach’ nó sa tuiseal ‘tabharthach’), le suíomh an bhriathair, agus le suíomh an chuspóra.

²Nó lena bheith níos cruinne faoi, is dóiche gur foirm dhébhrioch í an t-ainm briathartha, nach ainmfhocal nó briathar í go dtí go gcuirtear i gcomhthéacs cinnte comhréire í. Mar ainmfhocal a fheidhmíonn an fhoirm seo i gcomhthéacs comhréire cosúil le (i)a, ach is mar bhriathar a fheidhmíonn sí i gcomhthéacs comhréire (i)b:

- (i) a. lucht bhriste an dlí (SFSE 25)
b. lucht an dlí a bhriseadh

Comhréir an fhrása ainmfhoclaiigh atá in (i)a againn. Comhréir an chlásail atá in (i)b againn. Ní bheidh idir lámha anseo againn ach struchtúr an chlásail.

- A:** Ainmní—Cuspóir—*a*+Briathar—X
B: Ainmní—Briathar—X
C: *do*+Ainmní—Cuspóir—*a*+Briathar.—X
D: *do*+Ainmní—Briathar—X

A: Ainmní—Cuspóir—*a*+Briathar—X

Sa chlásal aistreach, roimh an bhriathar a bhíonn an t-ainmní agus an cuspóir díreach, agus bíonn an réimír *a* leis an bhriathar. Sa tuiseal cuspóireach (sa mhéid is gurb ann don tuiseal sin sa Ghaeilge) a bhíonn an t-ainmní agus an cuspóir díreach:

- (15) a. i ndiaidh an doineann a cuid craobhacha a bhriseadh (ERON 31)
 b. is éadóigh tú iontas ar bith a dhéanamh den chnoc (POC 9)
 c. Bhí súil aige teacht an tsagairt feabhas a chur ar a shaol (SFSE 23)
 d. ach iad a n-intinn a chur le chéile (BSM 103)
 e. Ní bheadh ormsa ach lúcháir é í a fháil le pósadh (LA 73)

B: Ainmní—Briathar—X

Sa chlásal neamhaistreach, roimh an bhriathar a bhíonn an t-ainmní agus is sa tuiseal cuspóireach arís a bhíonn sé (féach (16a,d,e)). Ní bhíonn cuspóir ar bith i gceist, ar ndóigh. Sa chás seo, ní bhíonn an réimír *a* leis an bhriathar.³

- (16) a. in áit é pilleadh san áit a d'fhág sé (LA 80)
 b. Is cuimhin liomsa muid cruinniú i New York lá Fhéile Pádraig amháin (DM 106)
 c. le linn mé druidim leo (DD 121)
 d. an fonn a bhíodh ar a athair é cuidiú le Bidí (SFSE 46)
 e. nach raibh riaghal ar bith acú i n-aghaidh é seasamh (DMRE 306)

C: *do*+Ainmní—Cuspóir—*a*+Briathar.—X

Tá féidireacht amháin eile ann maidir le marcáil an ainmní—an réamhfocal tabharthach a bheith roimhe. Is ionann sa chás seo marcáil an chuspóra (é a bheith roimh an bhriathar) agus is ionann fosta marcáil an bhriathair (an réimír *a* a bheith leis):

- (17) a. i ndiaidh dom m'uchtach a chailleadh (TD 29)
 b. an dream ar dhóichí don tslaghdán iad a sciobadh leis (ICFF 94)

³Ach amháin i gcás trí bhriathar eisceachtúla—*a theacht*, *a dhul* agus *a bheith*. Beidh tuilleadh le rá faoi seo ar ball.

D: do+Ainmní—Briathar—X


Tá fáil ar an fhéidireacht chéanna sa chlásal neamhaistreach, mar atá le feiceáil i (18). Sa chás seo arís, is ionann foirm an bhriathair agus an fhoirm a mbeifí ag dúil léi i gclásal neamhaistreach—gan an réimír a bheith léi agus gan ann ach an t-ainm briathartha lom:

- (18) a. i ndiaidh do na Coláistí Ullmhúcháin druidim (SGC 163)
 b. cad chuige daoibh éirí rompu sin (LAOCHAS 13)
 c. i ndiaidh dúinn toiseacht ar maidin (RR 73)
 d. Bliain i ndiaidh don dara cogadh mór toiseacht (RR 194)

An dá phatrún dheireanacha seo (c agus d), cé gur gnéithe lárnacha agus bisiúla iad i gcóras comhréire na canúna, tá siad teoranta, sa mhéid is nach bhfuil fáil orthu ach i dtimpeallachtaí áirithe (i gclásail ar comhlánú iad don réamhfhocal *roimh* nó *i ndiaidh*, i ceistanna ar nós (18b), agus i réimse cúng comhthéacsanna eile). Ní phléifidh mé anseo na castachtaí éagsúla a bhaineann leis an dáileadh seo (ceal spáis), ach féach (McCloskey, 2001, 182–189), áit a bhfuil plé níos iomláine orthu.


Anailís

Is saibhre i bhfad an córas seo—ó thaobh líon na bhféidireachtaí comhréire a chuirtear ar fáil ann—ná go leor dena córais a bhfuil staidéar déanta orthu. Mar sin féin, tá an córas féin, agus na ceithre phatrún is bunús dó, intuigthe go maith i gcomhthéacs a bhfuil foghlamtha le scór go leith bliain nó mar sin anuas fá structúr an chlásail. Mar phointe tosaigh, is féidir glacadh leis an struchtúr i (19) mar bhunchreatalach don chlásal briathartha (i gcoitinne nó sna teangacha deisghabhálacha ar a laghad):




Sé sin le rá, lena chomhlánú a nascann an briathar ar dtús, leis an ghrúpa comhréire γ a dhéanamh. Ina dhiaidh sin a nascann γ leis an ainmní le frása β a chumadh. Is é an briathar, mar sin, croílár an chlásail. Leanann den struchtúr seo fosta go mbíonn an t-ainmní i gcónaí níos airde sa struchtúr ná an comhlánú, agus is í an tréith struchtúrtha sin is bun do na difríochtaí uilig a dhéanann idirdhealú idir ainmní agus comhlánú.

Briathar lom (préamh briathair gan foirceann deilbhíochta) atá i gceist i (19). Is beag teanga a bhfuil ar a cumas briathar lom mar sin a úsáid. Go hiondúil, caithfear cur leis an phréamh le go bhféadfaí briathar a fhuaimniú agus a úsáid. Bealach amháin le sin a dhéanamh ná tríd tógáil arís ar a bhfuil de struchtúr i (19) againn agus Aimsir nó Modh a chur leis:




Is é an struchtúr γ atá mar chomhlánú ag eilimint na hAimsire i (20). Agus más clásal diúltach atá i gceist, caithfear cur arís leis an struchtúr atá i (20), agus an struchtúr γ féin a bheith mar chomhlánú ag an mhír dhiúltach:




Sa Ghaeilge, agus i gcuid mhór teangacha eile, déantar comhnascadh idir préamh an bhriathair agus eilimint na hAimsire, sa dóigh is go mbíonn mar thoradh na hoibre seo uilig againn struchtúir ar nós (22):

(22)



I gclásail fhinideacha amháin a tharlaíonn an sórt seo comhnasctha go hiondúil (Pollock, 1989), (Belletti, 1990), agus ar an ábhar sin is cóngaraí i bhfad struchtúr an chlásail neamhfhinidigh don bhunchreatalach (21) ná struchtúr an chlásail fhinidigh, mar tá le feiceáil i (23). Ina bhunshuíomh a bhíonn an briathar i gcás mar seo:

(23)



Trí ghléas comhréire (de bhreis ar an bhunstruchtúr (21)) a rialaíonn cuma an chlársail neamhfhinidigh ar an dromchla:

- 1 Cuspóir díreach a chur chun tosaigh—é a aistriú fhad le suíomh díreach roimh bhunshuíomh an bhriathair. *Object Shift* a thugtar ar an phróiseas seo agus baintear leas fosta as san Íoslainnis, i gcuid mhor teangacha Lochlannacha, i gcuid mhór teangacha de chuid dheisceart na hÁise, sa Ghearmáinis agus san Olláinis (más fíor do Zwart (1993, 1994, 1997)), agus in go leor teangacha eile ar fud na cruinne.
- 2 Ainmní an chlársail neamhfhinidigh a réalú ar an dromchla sa tuiséal cuspóireach (*cp* an Laidin Chlasaiceach, an Ghréigis Chlasaiceach, (McCloskey, 1986)). Deis chomhréire í seo nach mbaintear leas chomh coitianta aisti agus a bhaintear as an chéad cheann ar an liosta seo, ach is ann di.
- 3 Ainmní an chlársail neamhfhinidigh a réalú ar an dromchla sa tuiséal tabharthach—(McCloskey, 2001). Deis chomhréire í seo a mbaintear leas an-fhorleathan aisti ((Harris, 1981), mar shampla).

Is í feidhm na réimíre a sa chlársail neamhfhinideach, mar sin, struchtúr aistreach a mharcáil—cuspóir an bhriathair neamhfhinidigh a réalú sa tsuíomh cuí (an cuspóir sin a bheith díreach roimh an réimír) agus sa tuiséal cuí (an tuiséal ‘cuspóireach’).⁴

Is féidir a rá go hachomair, mar sin, gurb é atá againn i gcóras Chúige Uladh an toradh a mbeifeá ag dúil leis ó thaobh na teoirice de, dá dtiocfadh na féidireachtaí éagsúla neamhspleácha seo le chéile in aon teanga amháin.

4 Canúintí an Deiscirt

Patrún A

Tá le rá ar dtús go bhfuil an patrún ‘Ultach’ A le fáil go forleathan i measc chanúintí uilig na Nua-Ghaeilge, cé go mbreathnaítear air go minic mar thréith chomhréire nach bhfuil le fáil ach i gCúige Uladh. Is fíor gur líonmhaire na samplaí agus gur minice a úsáidtear an patrún ó thuaidh, ach is ann dó i gcanúintí uilig na Gaeilge, más mar ghné imeallach den chóras féin é i gcuid chanúintí an deiscirt. Tá seo le feiceáil go soiléir sna samplaí agus sna figiúirí seo thíos. Mar is faide ó dheas don chanúint, is amhlaidh is teirce dona samplaí, ach níl canúint ar bith nach bhfuil an

⁴Is ionann an réimír seo, is dóiche, agus an eilimint v (an briathairín aistreach a dhéanann briathar de phréamh neodrach) i gcuid teoiricí Chomsky agus Angelika Kratzer. Féach Kratzer (1994, 1996), Chomsky (1995, 2001).

patrún le fáil inti:

Tír Chonail: 207 sampla

Maigh Eo: 11 sampla

- (24) a. taréis é tamall fada a chaitheamh faoi'n a chúram (LLM 25)
 b. Taréis mé naoi lá chaitheamh as baile (LLM 41)
 c. tar éis iad an Paidrín a rá (PMB 17)
 d. ach iad a anam a ligean saor leis (PMB 77)
 e. b'fhearr leis bó bás a fháil air (PMB 115)
 f. agus iad ar fad ansin a saol a chaitheamh in umar na haimiléise (PMB 148)
- (25) a. ní maith liom thú an teach a fhágáil (PMB 190)
 b. Dheamhan ar dhóichide an Cháisc a bheith ar an Domhnach ná na buachaillí dubha ruaig a thabhairt amach. (PMB 203)

Gaillimh: 6 shampla

- (26) a. ... ná mé m'am breá uasal a chaitheamh i mo staic sa mbaisteach (FNDG 99)
 b. Muid ár gciall is ár mbrí a athrú thar oíche (FNDG 131)
 c. ní raibh d'fhadhb ann ach iad a chéile a aimsiú (SD 212)
 d. Ach beirt nó triúr ... mata tuí a chasadh air (Corr na Móna, GOG 168)
 e. Ba mhaith liom thú mé a focáil (SNF 251)
 f. mura mbeadh ann ach muid a chéile a fheiceáil trasna na ngarrantaí (SNF 254)

Contae an Chláir: 3 shampla

- (27) a. le linn é an ceann a chuir isteach (LSUE 14)
 b. nár 'úirt mé leat ... tú féin an gró a dhéana (LSUE 48)
 c. I n-ionad í an croí a bhuala (LSUE 199)

Contae Chiarraí: 4 shampla

- (28) a. an misde leat mé milseán do thabhairt don bhfear so (F 152)
 b. giuirleídí ... ná teastódh uaidh Sasanach nó éireannach nó Eskimo iad a fheiscint (NCN 25)
 c. Ní chuirfinn mórshuim i mbean gal tobac a ól (AI 198)
 d. gan fear an Oileáin oiread agus lámh a bhualadh ar pé earra a bhí acu (LAN 16)

Na Déise: 2 shampla

- (29) a. Is cuimhin liom féin m'athair láir a cheannach (ASL 121)
 b. ar eagla gurbh ait leat mé duine a chur ina bhun a bhí an fad sin ó bhaile (DR 39a)

Agus mar a chéile fosta na canúintí uilig sa mhéid is a bhaineann sé leis na patrúin a bhfuil ainmní sa tuiseal tabharthach iontu. Sé sin le rá, tá patrún c agus patrún d thuas le fáil i gCúige Mumhan (féach (30)) agus i gCúige Chonnacht (féach (31)).

C: do+Ainmní—Cuspóir—a+Briathar.—X

- (30) a. cupla lá roimh dó na ceithre fichid a shlánú (STH 90)
 b. tar éis dó an abhainn a chur de (FNF 93)
 c. tar éis don Athair Vincent an Scraithean a ghlacadh ar cíos (ASL 92)
 d. i dtaobh dó a chroí a ligint le hAnita (AGMTS 9)
 e. tar éis do Chiaránn an glaoch a fháil am tae (DII 33)
- (31) a. tar éis dó é féin a náiriú ar chlár teilifíse (IA 498)
 b. Cén fáth dom an t-ábhar seo a tharraingt chugam (CST 56)
 c. Agus in áit dó dul amach agus an bhó a bhleán (SJSJ 41)
 d. I ndiaidh dó cuairt a thabhairt ar fud an oileáin (FCME 151)
 e. tar éis do lucht na Parlaiminte an caisleán a thógáil (STL 233)

D: do+Ainmní—Briathar—X

Agus mar fhocal scoir: murb ann do chuspóir díreach (.i. i gclásail neamhaistreacha), ní ann ach oiread don réimír:

- (32) a. Cad ina thaobh duit díriú ar Chadden (PAA 118)
 b. tar éis dóibh cuardach dóibh thall is abhus (ODR1 182)
 c. tar éis dóibh críochnú san Ollscoil (DII 168)
 d. Gairid tar éis do Rosa pósadh (ODR1 77)
 e. tar éis dó ar dtús teacht i láthair an chruinnithe (STH 163)

Fhad leis an pointe seo, is mar a chéile, a bheag nó a mhór, na canúintí uilig. Roimh an bhriathar a bhíonn an cuspóir díreach, más ann dó, agus is le réalú an chuspóra dhírigh a bhaineann an réimír aistreach *a/do*.

Díol suntais é, imo thuairimse, gurb iad na patrúin is fearr a réitíonn le prionsabail na teoirice gurb iad is líonmhaire agus is leithne dáileadh i measc chanúintí na nua-theanga.

5 Na Patrúin Eisceachtúla

Ach, tá patrúin agus féidireachtaí eile fosta ann, agus is diamhraí i bhfad iad agus is deacra iad a láimhseáil i dtéarmaí na teoirice. I gCúige Mumhan agus i ndeisceart na Gaillimhe atá na patrúin seo le fáil. Ní dhéanfaidh mé iarracht ar bith anseo scéal na Gaillimhe a phlé.⁵

Seo thíos na patrúin bhreise atá i gceist agam.

E: Ainmní—*a*+Briathar—X

Tá ar dtús struchtúr neamhaistreach ann agus an t-ainmní sa tuiseal cuspóireach arís. Ach tá tréith aisteach bhreise leis an struchtúr seo—an réimír *a* (nó *do* in áiteacha agus i réimeanna áirithe) a bheith leis an bhriathar, cé nach struchtúr aistreach atá ann:

- (33) a. `e cheal aon bhean a fhanacht acu (BB 99)
 b. is ann is dóchúla duit é a bhualadh leat (AI 106)
 c. scéal ... mar gheall ar chailín óg a thitim i ngrá (MB 126)
 d. gur mé faoi ndeara é a thitim (ACS 42)

F: Ainmní—*a*+Briathar—Cuspóir Ginideach

Sa darna áit, tá struchtúr aistreach ann, an t-ainmní sa tuiseal cuspóireach arís, agus an réimír *a* (*do*) a bheith leis an bhriathar. Ach sa chás seo, is i ndiaidh an bhriathair a bhíonn an cuspóir díreach agus is í foirm an ghinidigh a bhíonn air (ach nach i gcónaí is féidir an tuiseal sin a aithint thar thuisil eile).

- (34) a. B'áil liom tusa do thabhairt taithí dhom (F 150)
 b. Ar mhiste leat mise do phlé mo chúise féin ad' choinnibh (L 119)
 c. ná é féin do thabhairt ainmne an bhithiúnaigh ar dhuine éigin eile (s 146)
 d. Le linn Fhinn a chur an uisce ar láimh Dhiarmada (SCL 98)
- (35) a. agus tar éis eisean do dheunamh cainnte leó (F 108)
 b. gan é do thabhairt cómhraic éigin uaidh (F 197)
 c. tá an t-iúna ortha aon duine dh'fhágaint na lice seo (SOOT 171)
 d. Ná cuirid na neithe sin buairt ort .i. tú dh'fhágháil bhuidh go saoráid-each L 39

⁵Ach féach Ó Curnáin (1996), áit a bhfuil plé ar chuid mhór den fhianaise. Is dóiche gurb í Gaeilge na Gaillimhe is saibhre i measc na gcanúintí ó thaobh líon na bpatrún seo atá le fáil inti—patrúin ina measc nach bhfuil plé ar bith anseo orthu.

Tá níos mó ná ceist amháin a ba cheart a fhuascailt i dtaobh na struchtúr seo.

Ba mhaith linn a thuigbheáil sa chéad áit cén fáth a mbíonn an réimír *do/a* leis an bhriathar i gcás Patrúin E. Mar a chonaic muid níos luaithe, tá neart fianaise ann gurb í feidhm na réimíre seo struchtúr aistreach a mharcáil. Ní lú meachán na fianaise sin i gcanúintí na Mumhan ná i gcanúint ar bith eile, rud atá le feiceáil, mar shampla, sna cásanna is bunúsaí ar fad—clásail gan ainmní:

- (36) a. chun iad a thabhairt isteach anso insan Oileán (CLENS 067)
 b. Beimid in ann labhairt le chéile (IDL 113)

Insna cásanna simplí seo uilig, tá an patrún bunúsach le feiceáil arís—ní ann don réimír ach sa struchtúr aistreach—nuair is ann do chuspóir. Mar an gcéanna arís i gcás na contrárthachta idir Patrún c agus Patrún d thuas—ní ann don réimír munarb ann don chuspóir. Is ar an ábhar seo a deirim gur patrún eisceachtúil Patrún e. Munarb ann don chuspóir i gcás (33), cén fáth an réimír a bheith ann?

6 Súil Níos Géire ar na Fíricí

Creidim go bhfuil fuascailt na ceiste sin le fáil ach muid súil níos géire a thabhairt ar na fíricí (agus ar phatrúin áirithe minicíochta go háirithe).

Fiú má chuirimid ar leataobh an briathar substainteach, níl ann ach dornán an-bheag briathra a ghlacann páirt i bPatrún e. 251 sampla ar fad atá againn den tógáil seo. Ina measc sin, na briathra seo a leanas atá le fáil sa phatrún agus is de réir na minicíochtaí a thugtar thíos atá siad ann:

teacht 75

dul 43

fanúint 26

titim 24

imeacht 22

Iomlán: 190 (%76)

Is é sin le rá: seachtó a sé faoin chéad dena samplaí atá againn a bhfuil an déanamh seo orthu, ceann dena cúig bhriathar sin thuas atá mar bhunús leo.

Díol suntais fosta é i gcuid mhór téacsanna nach bhfuil oiread agus sampla amháin de Phatrún e le fáil—trí leabhar de chuid Ger Uí Chíobháin, mar sampla, ceithre leabhar de chuid Maidhc Dáinín Uí Shé, agus leabhar amháin de chuid Sean Pheats Tom Uí Chearnaigh, mar shampla.

Chomh maith leis sin, i gcuid mhór téacsanna, níl de shamplaí ann ach iad siúd atá bunaithe ar an chúig bhriathar sin thuas. Mar seo atá i gcás trí leabhar de chuid Phádraig Uí Chíobháin, mar shampla, nó i gcás *Leabhar Sheáin Uí Chonail*. Seo

thíos, mar léiriú air sin, na samplaí uilig de chuid Phatrún E atá le fáil i *Leabhar Sheáin Uí Chonaill*.

b'fhearr liom tú féin a dhul ann (LSUC 23)

chun é a dhul isteach ann (LSUC035)

Ba mhar a chéile é ghabháil tríothu (LSUC 43)

'dir sin agus a' sgo láire bocht ghabháil a' bóthar (LSUC 153)

bhí áthas ortha iad do theacht chúha (LSUC 90)

beagáinín uíheanta t'réis é theacht (LSUC 177)

th'réis é theacht (LSUC 96)

ar eagala aon ní a theacht air (LSUC 116)

ar dhuin' aca fhanúint i n-a theannta (LSUC 46)

is cuma liom iad fhanúint ann nó as (LSUC 60)

é a fhanúint i n-acharann ann (LSUC 91)

níor mhaith leis an mada rua imeacht (LSUC 3)

cúpala lá th'réis í imeacht (LSUC 118)

Mar sin, is gné sort imeallach den chóras gramadaí Patrún E—patrún nach bhfuil ag gach cainteoir agus nach bhfuil le fáil in achan chineál téacs. Creidim gur fíor an méid seo faoi Phatrún F fosta, ach ní dhéanfaidh mé iarracht an fhianaise sin a mheá san aiste seo.

B'fhéidir go gceapfaí go bhféadfá na sonraí seo a mhíniú ar an bhun gur briathra an-choitianta sa teanga tríd síos iad na briathra atá liostáilte thuas. Más fíor gur fusa na briathra seo a fháil i gcoitinne ná briathra eile, seans nach bhfuil rud ar bith le míniú anseo. D'fhéadfá a mhaíomh go bhfuil siad le fáil go minic i bPatrún E cionn is iad a bheith le fáil chomh minic céanna sa teanga i gcoitinne.

Ach ní leor seo mar mhíniú. I measc grúpa samplaí den mhéid chéanna a roghnaíodh go fánach, seo mar a bhí an patrún minicíochta:

tar 16

dul 6

fan 3

tit 3

imigh 3

Iomlán: 31

Sé sin: is minice i bhfad na briathra seo i bPatrún E ná sa teanga i gcoitinne. Tá míniú eile ar an scéal ag teastáil.

7 Creatalach Teoirice

Taobh amuigh dena bunbhriathra thuas, níl le fáil i mbunús na dtéacsanna ach dornán beag briathra eile agus iad an-ghann ar fad i gcomparáid leis an chéad ghrúpa. A mbunús mór, níl acu ann ach sampla amháin nó dhá shampla:

breith ar; críochnú; dúnadh; bualadh; léim; tosnú; stad; scarúint; neartú; aistriú; dúis-eacht; tarlachaint/tarlú; bá, cailliúint; fuaradh; maireachtaint; iompáil amach, éirí; bogadh; filleadh

- (37) a. Is mór an tabhartas a leithéid a bhualadh trasna ar dhuine (ACS 164)
 b. agus mé a thosnú san am ceart (AL 91)
 c. i ndiaidh a anama do scarúint lena corp (AO 67)
 d. ba bhaol dó an sagart do bhualadh uime (AO 74)
 e. Ní thaitneodh sé leo an ghaoth do neartú le héirí na ré (AO 81)
 f. Nach olc an bhail ar an bhfear bocht san an t-asal breá san a chailliúint air (AII 98)

Anois, nuair a scrúdaímid liosta na mbriathra seo, is léir go mbaineann siad uilig leis an aicme bhriathra ar a dtugtar ‘briathra neamhchuspóireacha’ (*unaccusative verbs*). Trí thréith bhunúsacha is saintréithe donna briathra seo

- Briathra iad nach mbíonn acu ach aon chomhlánú amháin agus (cionn is nach gcuireann siad gníomhaí in iúl) ní ainmí an comhlánú sin ar leibhéal an struchtúir domhain. D’fhéadfaí a rá mar sin gur briathra iad nach bhfuil acu ar leibhéal an struchtúir domhain ach cuspóir díreach agus ní ainmní.
- Ach is briathra neamhaistreacha iad fosta, sa mhéid is nach mbíonn ar a gcumas (go hiondúil) cuspóir díreach a bheith acu ar an dromchla. Mar sin:
- An rud is minicí a tharlaíonn go ndéanann ainmní ar an dromchla den aon chomhlánú amháin a bhíonn acu.

Sin gháthchomhréir na mbriathra neamhchuspóireacha. Ón uair a chéad-tháinigtheas ar an choincheap (Perlmutter (1978), Burzio (1986)), tá leas bainte as le cuid mhór patrún comhréire a shoiléiriú agus a mhíniú i réimse leathan teangacha (ina measc an Ghaeilge; féach McCloskey (1996)).

Más iontaofa an méid sin, agus más briathra neamhchuspóireacha na briathra uilig ara dtógtar Patrún E, (i) tá ar ár gcumas comhréir an phatrúin sin a thuigbheáil agus (ii) tá ar ár gcumas fosta a thuigbheáil cad chuige a bhfuil stadas imeallach agus neamhsheasmhach ag Patrún E.

Mar atá léirithe roimhe seo, is í an réimír *a/do* comhartha sóirt an struchtúir aistrigh sa chlásal neamhfhinideach i gcanúintí uilig na Nua-Ghaeilge. Mar sin, is féidir linn an rud is nádúrtha (agus an rud is fearr a réitíonn le fianaise eile na teanga) a rá i dtaobh chomhréir sampla mar (38):

(38) 'e cheal aon bhean a fhanacht acu (BB 99)

Is féidir a rá gur cuspóir díreach [*aon bhean*] i (38), agus gur clásal gan ainmní a leithéid de chlásal (.i. Patrún E) (féach McCloskey (1996, 1998, 2001), Mac Cana agus Ó Baoill (1997)). Is ann don réimír cionn is go bhfuil cuspóir díreach (ar an dromchla) sa chlásal. Sé sin le rá: is í úsáid rialta na réimire atá againn i (38) agus i bPatrún E trí chéile.

Ach leanann den ainlís seo fosta go bhfuil mar dhúshraith ag Patrún E grúpa briathra a bhfuil cáilíochtaí eisceachtúla á leanúint—iad a bheith neamhchuspóireach agus aistreach. Go hiondúil, ní bhíonn cuspóir díreach ar chor ar bith ar an dromchla ag an bhriathar neamhchuspóireach (sin díreach bunús an téarma *un-accusative* nó ‘neamhchuspóireach—briathra iad seo nach leanann an tuiséal cuspóireach iad). *Burzio's Generalization* a thugtar ar an dlí comhréire seo (Burzio (1986)). Ach is léir anois nach dlí gan eisceacht é ach gur rialtacht ghinearálta é a bhféadfadh eisceachtaí a bheith léi. Is iad na briathra atá mar bhunús le Patrún E na heisceachtaí a mbeifí ag dúil leo.

Patrún E, mar sin, braitheann sé ar cháilíochtaí eisceachtúla briathra aonaracha (agus ní ar rialacha ginéarálta a bhaineann le struchtúir chomhréire a thógáil). Más fíor an méid sin, an rud a mbeifear ag dúil leis nach féidir na struchtúir áirithe sin a smachtú agus a fhoghlaim gan a bheith i dtaobh le fianaise dhearfach i bpróiseas na foghlama—samplaí tarlú ido threo. Ní hionann eispéaras do chainteoirí éagsúla sa mhéid sin, agus ar an ábhar sin, ní hionann na córais a bhfuil smacht acu orthu ag deireadh phróiseas an tsealbhaith. Leanann den mhéid sin go bhfuil againn ann:

- cainteoirí nach dtugann leo ach briathar eisceachtúil amháin (*a bheith*)
- cainteoirí a thugann leo sé cinn de bhriathra eisceachtúla (*a bheith, a theacht, a thitim, a dh'imeacht, a/dh' fhanúint, a dhul*)
- cainteoirí a thugann leo na sé cinn de bhriathra sin thuas agus grúpa níos leithne briathra neamhchuspóireacha.

Ach na patrúin eile a bhfuil plé anseo orthu (Patrún A–D) patrúin iad sin nach bhfuil ag brath ar bhriathra eisceachtúla ach ar struchtúir ghinearála chomhréire.

Tá idéalú nach beag i gceist sa rangú seo thuas. Gnéithe tábhachtacha nach gcuirtear san áireamh ann: (i) an chodarsnacht idir cumas fulangach agus cumas gníomhach, (ii) marcáil stíle. Ní mé is eolaí ar na canúintí deisceartacha seo, agus

géillim go hiomlán do thuairimí na scoláirí sin a bhfuil staidéar speisialta déanta acu ar Ghaeilge na Mumhan. Mar sin féin, títheor dom nach bhfuil sa stíl chomhráit-iúil ach dornán an-bheag briathra a fheidhmíonn i bhfráma Patrún E. Títheor dom fosta gur le haghaidh stíl fhoirmeálta a mharcáill is mó a úsáidtear an patrún nuair a théann sé thar limistéir an dornán beag briathra is nádúrtha sa struchtúr. Ach níl sa mhéid seo uilig ach tuairimíocht gan tacaíocht fíricí go fóill.

8 An Bealach Romhainn Amach

Níl anseo ar ndóigh ach tús. Tá go leor ceisteanna gan réiteach nó fiú gan cur go fóill—go háirithe faoi Phatrún F (*tusa a thabhairt maithneamhais dó.*)—tógáil a bhfuil go leor cailíochtaí diamhracha ag baint léi. Tá fosta dornán samplaí ar le Patrún E a bhaineann siad ach gur dóiche nach briathra neamhchuspóireacha atá mar bhun leo. Leithéidí (39) mar shampla:

- (39) Is é ealaí a ghlac na hoileánaigh chucu féin ná gach nduine acu a bhreith ar théadán agus bualadh an cnoc amach AII 67

Tá mé measra cinnte go bhfuil dluthbhaint ag an dá phatrún seo lena chéile (.i. Patrún F agus leithéidí (39)) agus gurb é a léiríonn siad go bhfuil iarsma de chóras *ergative* i measc chanúintí na Mumhan. Ach is obair í sin do lá níos faide anonn ná an lá inniu.

Aguisín Foinsí na Samplaí

- ACS *Ag Coimeád na Síochána*, Páid Ó Súilleabháin
 AGL *An Gleann agus a Raibh Ann*, Séamus Ó Maolchathaigh
 AGMTS *Ar Gach Maoilinn Tá Síocháin*, Pádraig Ó Cíobháin
 AI *Allagar na hInise*, Tomás Ó Criomhthain
 AII *Allagar II*, Tomás Ó Criomhthain, eag. Pádraig Ua Maoileoin
 AL *Abair Leat*, Joe Daly, eag. Pádraig Tyers
 AM *An Mhiorbhailt*, aistritheoir Niall Mac Suibhne
 AO *Aistí Ó Chléire*, Donnchadh Ó Drisceoil
 ASL *An Sléibhteánach*, Séamas Ó Caoimh
 AT *A Thig Ná Tit Orm*, Maidhc Dainín Ó Sé
 BB *Bríde Bhán*, Pádraig Ua Maoileoin
 BF *Bruighean Feille*, Niall Ó Dónaill
 BSM *Beatha Sheáin Misteil*, Niall Ó Domhnaill
 CCC *Cnuasach Céad Conlach*, Seán Bán Mac Meanman
 CDC *Castar na Daoine ar a Chéile*, *Scríbhinní Mháire 1*, Séamus Ó Grianna, eag. Nollaig Mac Congail
 CFC *Céad Fáilte go Cléire*, eag. Marion Gunn
 CLENS *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, eag. Máiréad Ní Loingsigh
 CP *Crathadh an Phocáin*, Seaghan Mac Meanmain
 CST *An Chaint sa tSráidbhaile*, Breandán Ó hEithir
 CTC *Corcán na dTrí gCos*, Maidhc Dainín Ó Sé
 DMRE *Dá mBeadh Ruball ar an Éan*, Seosamh Mac Grianna
 DCA *Dith-Chéille Almayer*, aistritheoir Seosamh Mac Grianna
 DD *An Dochartach Duibhlionna*, Seosamh Mac Grianna
 DII *Desiderius a Dó*, Pádraig Ó Cíobháin
 DM *An Drumma Mór*, Seosamh Mac Grianna
 DMRE *Dá mBeadh Ruball ar an Éan*, Seosamh Mac Grianna
 DR *Dracula*, aistritheoir Seán Ó Cuirrín
 EMIT *Eader Muir is Tír*, aistritheoir Niall Ó Domhnaill
 ERON *Eoghan Rua Ó Néill*, Seosamh Mac Grianna
 F *Fánaí*, Seán Óg (Seán Óg Ó Caomhánaigh)
 FBF *Fiche Blian ag Fás*, Muiris Ó Súilleabháin
 FCME *Fánaíocht i gContae Mhaigh Eo*, Séamas Mag Uidhir
 FNDG *An Fear Nach nDéanann Gáire*, Micheál Ó Conghaile
 FNF *Fonn a Níos Fiach*, Pádraig Ua Maoileoin
 GSA *An Giorria San Aer*, Ger Ó Cíobháin
 GSAS *Gearrscéalta Anton tSechobh*, aistritheoir Maighréad Nic Mhaicín
 I *Ise*, aistritheoir Niall Ó Domhnaill
 IA *Iomramh Aonair*, Liam Mac Con Iomaire
 IAE *In Aimsir Emmet*, aistritheoir Colm Ó Gaora
 ICFF *Iascaire na gCiabh-Fholt Fionn*, Fionn Mac Cumhaill
 IDL *Idir Dhá Lios*, Maidhc Dainín Ó Sé
 IFDT *Imtheachtaí Fhear Dheireadh Theaghlaigh*, aistritheoir Seosamh Mac Grianna

L *Lucián*, An tAthair Peadar Ó Laoghaire
 LA *Lá de na Laethanta*, Micí Sheáin Néill Ó Baoill
 LAN *Leoithne Aniar*, eag. Pádraig Tyers
 LAOCHAS *Laochas*, Séamas Ó Searcaigh
 LDS *Lá Dár Saol*, Seán Ó Criomhthain
 LG *Le Gealaigh*, Pádraig Ó Cíobháin
 LLM *Le Linn M'Óige*, Mícheál Mag Ruairí
 LSUC *Leabhar Sheáin Uí Chonaill*, eag. Séamas Ó Duillearga
 LSUE *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*, eag. Séamus Ó Duillearga agus Dáithí Ó hÓgáin
 MB *Malairt Beatha*, Pádraig Tyers
 MBF *Mo Bhealach Féin*, Seosamh Mac Grianna
 MRE *Mac Rí na hÉireann*, aistritheoir Niall Ó Domhnaill
 MD *An Mairnéalach Dubh*, aistritheoir Seosamh Mac Grianna
 MSN *Micí Sheáin Néill: Scéalaí agus Scéalta*, eag. Cathal Póirtéir
 NBMO *Nuair a Bhí Mé Óg*, Séamas Ó Grianna
 NCN *Nár Chlos ár Namhaid*, Ger Ó Cíobháin
 ODR *Ó Donnabháin Rossa, Cuid a hAon*, Seán Ó Lúing
 OS *Oíche Shamhraidh agus Scéalta Eile*, Séamas Ó Grianna
 OT *Ó Thuaidh*, Pádraig Ua Maoleoin
 PAA *Peacaí Ár nAthaireacha*, Mícheál Ó Súilleabháin
 PMB *Pádhraic Mháire Bhán*, Seán Ó Ruadháin
 PNG *Pobal na Gaeltachta*, eag. Gearóid Ó Tuathaigh, Liam Lillis Ó Laoire, Seán Ua Súilleabháin
 POC *Pádraic Ó Conaire agus Aistí Eile*, Seosamh Mac Grianna
 RR *Róise Rua*, Pádraig Ua Cnáimhsí
 S *Séadna*, An tAthair Peadar Ua Laoghaire
 SC *Saol Corrach*, Séamas Ó Grianna
 SAT *Seanchas an Táilliúra*, Aindrias Ó Muimhneacháin
 SCL *Seanchas Chléire*, Conchúr Ó Síocháin
 SD *Sionnach Ar Mo Dhuán*, Breandán Ó hEithir
 SFSE *Srathóg Feamnaí agus Scéalta Eile*, Pádraig Ó Baoill
 SGC *Scribhneoireacht na gConallach*, eag. Nollaig Mac Congáil
 SJSJ *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*, Mícheál Ó Conghaile
 SK *Sáile Chaomhánach*, C.J. Kickham, aistritheoir Máirtín Ó Cadhain
 SOOT *Seanchas ón Oileán Tiar*, Tomás Ó Criomhthain
 SS *Scéalta Sealgaire*, aistritheoir Maighréad Nic Mhaicín
 SSO TC *Sí-Scéalta ó Thír Chonaill*, eag. Seán Ó Heochaidh, Máire Ní Néill agus Séamas Ó Catháin
 STH *Saoir Theangan*, Seán Ó Lúing
 STL *Seanchas Thomáis Laighléis*, eag. Tomás de Bhaldraithe
 TD *Toraigh na dTonn*, Eoghan Ó Colm
 U *Unaga*, aistritheoir Eoghan Ó Neachtain
 UMI *Uaill-Mhian Iúdaigh*, aistritheoir Tadhg Ó Rabhartaigh

Tagairtí

- Belletti, Adriana. 1990. *Generalized verb movement: Aspects of verb syntax*. Turin, Italy: Rosenberg and Sellier.
- Burzio, Luigi. 1986. *Italian syntax*. Dordrecht: Reidel.
- Chomsky, Noam. 1995. *The minimalist program*. Cambridge, Mass.: MIT Press.
- Chomsky, Noam. 2001. Derivation by phase. in *Ken Hale: A life in language*, ed. Michael Kenstowicz, 1–52. Cambridge, MA: MIT Press.
- Harris, Alice. 1981. *Georgian: A study in relational grammar*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Kratzer, Angelika. 1994. The event argument and the semantics of voice.
- Kratzer, Angelika. 1996. Severing the external argument from its verb. in *Phrase structure and the lexicon*, ed. Johan Rooryck and Laurie Zaring, 109–137. Dordrecht: Kluwer.
- Mac Cana, Proinsias, and Dónall Ó Baoill. 1997. Gnéithe den chéasta sa nuaghaeilge. in *Dán do Oide, Essays in memory of Conn R. Ó Cléirigh*, ed. Anders Ahlqvist and Věra Čapková, 265–280. Dublin, Ireland: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- McCloskey, James. 1980. Is there raising in Modern Irish? *Ériu* 31:59–99.
- McCloskey, James. 1986. Case, movement and raising in Modern Irish. in *WCCFL IV: Proceedings of the fourth west coast conference on formal linguistics*, ed. S. MacKaye J. Goldberg and M. Wescoat, 190–205. Stanford, CA: Stanford Linguistics Association.
- McCloskey, James. 1996. Subjects and subject-positions in Irish. in *The syntax of the Celtic languages: A comparative perspective*, ed. Robert Borsley and Ian Roberts, 241–283. Cambridge, England: Cambridge University Press.
- McCloskey, James. 1998. Trí nóta comhréire. *Ériu* 49:165–169.
- McCloskey, James. 2001. The distribution of subject properties in Irish. in *Objects and other subjects: Grammatical functions, functional categories, and configurationality*, ed. William Davies and Stanley Dubinsky, 1–39. Dordrecht: Kluwer Academic Publishers.

- Ó Curnáin, Brian. 1996. Aspects of the Irish of Iorras Aithneach, County Galway. Doctoral Dissertation, University College Dublin, Dublin, Ireland.
- Perlmutter, David M. 1978. Impersonal passives and the unaccusative hypothesis. in *Proceedings of the fourth annual meeting of the berkeley linguistics society*, ed. Jeri J. Jaeger, Anthony C. Woodbury, Farrell Ackerman, Christine Chiarello, Orin D. Gensler, John Kingston, Eve E. Sweetser, Henry Thompson, and Kenneth W. Wistler, 157–89. University of California, Berkeley.
- Pollock, Jean-Yves. 1989. Verb movement, universal grammar, and the structure of IP. *Linguistic Inquiry* 20:365–424.
- Zwart, C. Jan-Wouter. 1993. Dutch syntax: A minimalist approach. Doctoral Dissertation, University of Groningen.
- Zwart, C. Jan-Wouter. 1994. Dutch is head-initial. *The Linguistic Review* 11:377–406.
- Zwart, C. Jan-Wouter. 1997. *Morphosyntax of verb movement: A minimalist approach to the syntax of Dutch*. Dordrecht: Kluwer Academic Publishers.